Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Márta 2025
(OR. en)

7143/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0055(NLE)**

**ACP 16**
**WTO 15**
**RELEX 344**
**COASI 34**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 105 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 105 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 105 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.3.2025
COM(2025) 105 final

2025/0055 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é atá sa togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal, an ionstraim dlí i gcomhair aontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (‘an Comhaontú’), a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhair an Comhaontú sin a chur i bhfeidhm go sealadach, de bhun Airteagal 218(5) agus Airteagal 218(6) CFAE.

D’údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le tús a chur le caibidlíocht i leith Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche le tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (na stáit ACC) an 12 Meitheamh 2002.

Shínigh an tAontas Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach an 30 Iúil 2009 idir an tAontas (an Comhphobal Eorpach mar a bhí), de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile. Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach curtha i bhfeidhm go sealadach ag Nua- Ghuine Phapua agus ag Poblacht Fhidsí ó bhí an 20 Nollaig 2009 agus an 28 Iúil 2014 ann, faoi seach.

Le hAirteagal 80 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht go n- aontódh Oileánstáit eile san Aigéan Ciúin don Chomhaontú. Dá réir sin, d’aontaigh Stát Neamhspleách Shamó agus Oileáin Sholomón don Chomhaontú agus tá sé á chur i bhfeidhm acu go sealadach ó bhí an 31 Nollaig 2018 agus an 17 Bealtaine 2020 ann, faoi seach.

Chuir Vanuatú iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin an 10 Iúil 2024, in éineacht le tairiscint rochtana ar an margadh, maidir le haontú don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach. Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar an tairiscint agus chinn sé go bhfuil sí inghlactha. Dá réir sin, thug an Coimisiún an chaibidlíocht i gcrích thar ceann an Aontais.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí d’Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (‘Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE’, nó Comhaontú Cotonou, arna ionadú le Comhaontú Shamó idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát ACC a síníodh an 15 Samhain 2023[1].

Le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir an tAontas, Fidsí, Nua- Ghuine Phapua, Samó agus Oileáin Sholomón[2], ar comhaontú trádála neamhshiméadrach é atá comhoiriúnach do rialacha EDT, déantar creat dlíthiúil chaidreamh trádála an Aontais le tíortha comhpháirtíochta san Aigéan Ciúin a threisiú agus an trádáil chómhalartach a éascú. Déanann sé Vanuatú a chuimsiú freisin sa chóras comhrialacha agus comhinstitiúidí a bhunaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach.

---

1 IO L 287, 4.11.2010, lch. 3 Comhaontú arna leasú leis an gComhaontú a síníodh i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005 (IO L 209, 11.8.2005, lch. 27) agus leis an gComhaontú a síníodh in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 (IO L 287, 4.11.2010, lch. 3), arna ionadú le Comhaontú Shamó a síníodh an 15 Samhain 2023 (IO L, 2023/2862, 28.12.2023).

2 Cinneadh ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eatramhaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 272, 16.10.2009, lch. 1).

Ó tharla gur aicmigh an Banc Domhanda Vanuatú mar thír ard-mheánioncaim, bainfear an tír de liosta na dtíortha a thairbhíonn de 'Gach Ní Seachas Airm' faoi Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife agus ní thairbheoidh sí a thuilleadh de na fabhair taraife (rochtain saor ó dhleachtanna agus ó chuótaí ar mhargadh an Aontais) a thugtar faoin socrú speisialta 'Gach Ní Seachas Airm' do na tíortha is lú forbairt ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

Ar aontachas, agus go dtí go mbeidh na nósanna imeachta inmheánacha gaolmhara curtha i gcrích ag na Stáit san Aigéan Ciúin is páirtithe sa Chomhaontú (Fidsí, Nua- Ghuine Phapua, Samó agus Oileáin Sholomón), cuirfidh an tAontas agus Vanuatú an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach faoi réir fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn faoi chur i gcrích na nósanna imeachta is gá chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 76(3) den Chomhaontú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá forálacha sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche freisin maidir le forbairt inbhuanaithe (Airteagal 3) lena n- athdhearbhaíonn na Páirtithe go mbeidh cuspóir na forbartha inbhuanaithe ina chuid dhílis d'fhorálacha an Chomhaontaithe, i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail uileghabhálacha a leagtar amach i gComhaontú Shamó, agus go háirithe leis an ngealltanas ginearálta i leith an bhochtaineacht a laghdú agus a dhíothú ar deireadh ar bhealach atá i gcomhréir le cuspóirí na forbartha inbhuanaithe.

Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach ina chomhaontú trádála atá dírithe ar an bhforbairt, lena dtugtar rochtain neamhshiméadrach ar an margadh do Vanuatú agus lena gcuirtear ar a chumas dó earnálacha íogaire a chosaint ar an léirscaoileadh, agus líon mór coimircí agus clásal á soláthar an tráth céanna i ndáil le naíthionscal a chosaint. Thairis sin, tá forálacha ann maidir leis na rialacha tionscnaimh a éascaíonn onnmhairí ó Vanuatú a thabhairt isteach san Aontas. Cuireann na forálacha sin le cuspóir an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt[3] agus tá siad i gcomhréir le hAirteagal 208 CFAE.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é bunús dlí an Chinnidh seo ón gComhairle an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218 (5) agus Airteagal 218(6)(a)(v) de.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Sainmhínítear an comhbheartas tráchtála, i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(e) de CFAE, mar inniúlacht eisiach de chuid an Aontais.

- **Comhréireacht**

Tá gá leis an togra seo chun gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chur chun feidhme, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát ACC, go háirithe chun socruithe trádála nua atá comhoiriúnach do rialacha EDT a thabhairt i gcrích, socruithe a dhéanann bacainní ar thrádáil idir na Páirtithe a bhaint de réir a chéile agus an comhar i ngach réimse a bhaineann leis an trádáil a fheabhsú.

[3] Tríd an gComhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt, féachann an tAontas agus a Bhallstáit le haird a thabhairt ar chuspóirí forbartha i mbeartais ar dócha go mbeidh tionchar acu i dtíortha i mbéal forbartha. Tá sé d'aidhm ag an gComhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt beartais a thagann salach ar a chéile a laghdú agus sineirgí a chruthú idir beartais éagsúla de chuid an Aontais. Is é an cuspóir atá aige éifeachtacht an chomhair forbartha a mhéadú, chun leasa ár dtíortha comhpháirtíochta.

- **An rogha ionstraime**

Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta ar Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Eagraíocht na Stát ACC agus an tAontas idir 2003 agus 2007. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach na téarmaí tagartha le haghaidh an tionscadail sin in 2002 mar chuid de ghlao iomaíoch ar thairiscintí. Mar thoradh ar an nglao sin ar thairiscintí, bronnadh creatchonradh 5 bliana ar PwC France i mí Lúnasa 2002. Cuireadh dréachtleagan den tuarascáil chríochnaitheach ón Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta i láthair na bpáirtithe leasmhara san Eoraip le linn chruinniú Chomhphlé an Aontais leis an tSochaí Shibhialta a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach an 23 Márta 2007 i mBruiséil na Beilge. Ní dhearnadh aon Mheasúnú Tionchair Inbhuanaitheachta nua toisc go mbaineann an tionscnamh seo le haontachas le Comhaontú atá ann cheana agus atá á chur i bhfeidhm cheana ag na hOileánstáit eile san Aigéan Ciúin a bhfuil a saintréithe struchtúracha agus a staid eacnamaíoch agus shóisialta comhchosúil leo siúd atá ag Vanuatú.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl formheas aontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach faoi réir nósanna imeachta an chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT); ní bheidh aon chostais i gceist leis le haghaidh FBManna an Aontais; agus ní chruthaítear aon fhadhb leis ó thaobh na timpeallachta digití de.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag gabháil leis an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach san Aontas.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tairbheoidh Vanuatú de rochtain iomlán atá saor ó dhleacht agus saor ó chuótaí ar mhargadh an Aontais do gach táirge, mar mhalairt ar a mhargadh a oscailt do tháirgí an Aontais de réir a chéile. Ní bheidh aon impleacht bhuiséadach ann toisc go bhfágfaidh aontachas Vanuatú leis an gComhaontú go leanfar den chuid is mó leis an rochtain atá aige ar mhargadh an Aontais faoi na téarmaí céanna (mar a bhí roimhe seo faoi shocrú Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife/Gach Ní Seachas Airm).

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Tairbhí an aontachais d'oibreoirí eacnamaíocha**

Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach, bunaítear na dálaí chun go bhféadfaidh oibreoirí eacnamaíocha an Aontais leas iomlán a bhaint as na deiseanna idir na

geilleagair faoi seach. I gcaitheamh a chur chun feidhme, is éard a dhéanfaidh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach onnmhaireoirí an Aontais a scaoileadh ó dhleachtanna custaim a íoc, den chuid is mó, ar tháirgí tionsclaíocha chuig Vanuatú. Comhlíonann sé na critéir a leagtar síos in Airteagal XXIV den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT 1994) (chun deireadh a chur le dleachtanna agus rialacháin tráchtála shriantacha eile i ndáil le formhór mór na trádála idir na páirtithe). Tá tairiscint rochtana ar an margadh ó Vanuatú laistigh de raon thairseach EDT den chuid is mó, i.e. 83 % den léirscaoileadh (i línte taraife), a chomhfhreagraíonn do 91 % den mhéid onnmhairí ón Aontas i gcaitheamh 20 bliain. Tairbheoidh Vanuatú dá rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuótaí ar mhargadh an Aontais a choinneáil.

Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach, bunaítear tacar disciplíní freisin i réimse na forbartha inbhuanaithe; i réimse na mBacainní Teicniúla ar Thrádáil (BTT); agus i réimse na mbeart Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (SFS), i measc réimsí eile. Thairis sin, tá na Páirtithe sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach rannpháirteach sa Choiste um Thrádáil a bunaíodh faoin gComhaontú. Ó tharla gur féidir leis an Aontas leas a bhaint as an sásra déthaobhach um réiteach díospóidí dá bhforáiltear faoin gComhaontú, cuirtear leis an gcuspóir go ndéanfar timpeallacht thrédhearcach, neamh- idirdhealaitheach agus intuartha a áirithiú d'oibreoirí de chuid an Aontais sna tíortha san Aigéan Ciúin.

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh Vanuatú rannpháirteach sa Choiste um Thrádáil arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 68 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach a phléifidh le gach ábhar is gá chun an Comhaontú a chur chun feidhme, lena n- áirítear faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme, comhordú agus comhairliúchán a sholáthar maidir le saincheisteanna a bhaineann le bacainní teicniúla ar thrádáil (BTT) agus bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta (SFS), earnálacha agus táirgí tosaíochta agus na réimsí tosaíochta um chomhar a eascraíonn astu a shainaithint agus a athbhreithniú, agus moltaí a dhéanamh i dtaobh modhnuithe ar an gComhaontú. Ionadaithe ó na Páirtithe a bheidh sa Choiste um Thrádáil.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagail 1 agus 2 den togra tá forálacha maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach a fhormheas, thar ceann an Aontais, agus maidir le fógraí chun toiliú an Aontais Eorpaigh leis an aontachas leis an gComhaontú agus lena chur i bhfeidhm sealadach a chur in iúl, i gcomhréir le hAirteagal 76(3) de.

Sonraítear le hAirteagal 3 nár cheart formheas an aontachais a fhorléiriú mar ní lena dtugtar cearta nó a lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach os comhair chúirteanna nó bhinsí an Aontais nó na mBallstát.

Le hAirteagal 4, leagtar síos dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh.

2025/0055 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Meitheamh 2002, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le tús a chur le caibidlíocht i leith Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche le hEagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin[2].

(2) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[3] (an 'Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach'), lena mbunaítear creat do Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, i Londain an 30 Iúil 2009. Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach á chur i bhfeidhm go sealadach ag Nua- Ghuine Phapua agus Poblacht Fhidsí ó bhí an 20 Nollaig 2009 agus an 28 Iúil 2014 ann, faoi seach.

(3) Leagtar síos le hAirteagal 80 den Chomhaontú na forálacha maidir le haontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin. Dá réir sin, d'aontaigh Stát Neamhspleách Shamó agus Oileáin Sholomón don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach acu ó bhí an 31 Nollaig 2018 agus an 17 Bealtaine 2020 ann, faoi seach.

(4) Chuir Vanuatú iarraidh ar aontachas in éineacht le tairiscint rochtana ar an margadh faoi bhráid an Aontais an 10 Iúil 2024.

(5) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar thairiscint Vanuatú agus measann sé go bhfuil sí inghlactha. Dá réir sin, thug an Coimisiún an chaibidlíocht le Vanuatú i gcrích an 7 Lúnasa 2024.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 76(3) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, tá an tAontas agus Vanuatú chun an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a chur chun

---

1 Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú an [dáta].

2 Treoracha ón gComhairle maidir le caibidlíocht i leith Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche le tíortha agus réigiúin ACC (9930/02 (DG E II) HH/sg).

3 Cinneadh 2009/729/CE ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eatramhaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 272, 16.10.2009, lch. 1).

feidhme go sealadach 10 lá tar éis dóibh fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích.

(7) Ba cheart aontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir Vanuatú an ionstraim aontachais a thaisceadh de bhun Airteagal 80(2) de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Déantar aontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (an 'Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach'), a fhormheas leis seo thar ceann an Aontais, faoi réir Vanuatú an ionstraim aontachais a thaisceadh de bhun Airteagal 80(2) de.

2. Déanfaidh Uachtarán an Choimisiún, thar ceann an Aontais, fógra a thabhairt do na Páirtithe Conarthacha eile sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach agus do Vanuatú á chur in iúl go bhfuil aontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach formheasta.

3. Tá téacs na tairisceana maidir le rochtain ar an margadh ó Vanuatú i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. D'fhonn an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an tAontas agus Vanuatú a chur i bhfeidhm go sealadach, is é Uachtarán an Choimisiúin a thabharfaidh, thar ceann an Aontais, an fógra dá dtagraítear in Airteagal 76(3) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach.

2. Cuirfidh an tAontas agus Vanuatú an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach i bhfeidhm go sealadach 10 lá tar éis dóibh fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích acu i gcomhréir le mír 1.

*Airteagal 3*

Ní fhorléireofar formheas aontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach mar ní lena dtugtar cearta nó lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach os comhair chúirteanna nó bhinsí an Aontais nó na mBallstát.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*